# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2014

# LÉANN CLASAICEACH – ARDLEIBHÉAL

DÉARDAOIN, 19 MEITHEAMH – MAIDIN, 9.30 go 12.00

Tá ceisteanna anseo ar **dheich dtopaic**.
Tá na topaicí roinnte mar seo a leanas:
Topaicí 1 - 5 = **ROINN A** – An Saol Gréagach
Topaicí 6 - 10 = **ROINN B** – An Saol Rómhánach

Ní mór d'iarrthóirí ceisteanna a fhreagairt ar **chúig thopaic**, mar leanas:
**dhá** thopaic as **ROINN A**;
**dhá** thopaic as **ROINN B**;
an **cúigiú** topaic as **ROINN A** nó **B**.

Tá 80 marc ag gabháil le gach topaic.
Marcanna iomlána don pháipéar = (80x5) = 400.

Na fótagraif a bhfuil gá leo chun roinnt de na ceisteanna a fhreagairt, tá siad ar fáil ar pháipéar ar leith, marcáilte **X**, a ghabhann leis an bpáipéar seo.

| **ROINN A – An Saol Gréagach** | **ROINN B – An Saol Rómhánach** |
|---|---|
| Topaic 1: Fraoch Aichill. | Topaic 6: Aeinéas ar a Shiúlta. |
| Topaic 2: An Ghréig agus an Pheirs. | Topaic 7: Téatar na Rómhánach – Coiméide. |
| Topaic 3: Beatha agus Bás Shócraitéas. | Topaic 8: Beatha agus Comhaimsir Iúil Caesar. |
| Topaic 4: Micéiné agus an Traí. | Topaic 9: Cathair Rómhánach – An Phoimpé. |
| Topaic 5: Acrapoil na hAithine. | Topaic 10: An tArm Rómhánach. |



Thall

## ROINN A

## An Saol Gréagach

**Topaic 1: Fraoch Aichill.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile** - (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra.
Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cad is buafhocal ann?

(ii) Cén fáth ar bhain tábhacht le Calchas i scéal an **Íliad**?

(iii) Cérbh iad na Mirmeadóin?

(iv) Cén duine ar a raibh Meinealás pósta?

(v) Déan staidéar ar Fhótagraf **1** ar Pháipéar **X** ina dtaispeántar radharc as Leabhar 16 den **Íliad**. Mínigh cad atá ar siúl ann.

(vi) Cé a chuir Séas amach chun dul in éineacht le Priam go dtí Aichill? (24)

(*b*) (i) Bunaithe ar a bhfuil léite agat den **Íliad,** an bhfuil comhbhá agat le Andromache? (12)

(ii) Bunaithe ar a bhfuil léite agat i Leabhar 22 den **Íliad,** tabhair cuntas ar bhás Eachtair. (12)

(iii) An mbraitheann tú comhbhá le hEachtar? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (8)

(*c*) Léigh an sliocht seo a leanas as Leabhar 20 den **Íliad** agus ansin freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Anois thug Héire a comhdhéithe le chéile agus labhair sí leo: 'Bígí ag smaoineamh anois, a Phoiséadóin agus a Aitéiné, an bheirt agaibh, agus tugaigí bhur n-aird ar cad ba chóir a dhéanamh sa chás seo. Seo é Aeinéas ag tabhairt fogha faoi mhac Peleus, ar chomhairle Phoebus Apalló. Seo anois mar sin, seasaimis le hAichill agus tugaimis neart ollmhór dó agus ná ligimis dá mhisneach teip air, ionas go dtuigfidh sé go bhfuil grá dó ag na déithe buana is mó. Thángamar ar fad anuas ó Oilimpeas le troid sa chath seo, ionas nach ndéanfaí dochar ar bith d'Aichill.' Ansin thug Poiséadón an Croiteoir Talún freagra uirthi: 'A Héire, ná lig don fhearg thú a chur i mbarr do chéille - bheadh sé sin mícheart. Níor mhaith liom féin déithe a spreagadh in aghaidh a chéile i gcoimhlint. Ní hea, b'fhearr dúinn bogadh amach as slí na troda agus suí síos áit ar féidir linn bheith ag faire, agus an cogadh a fhágáil faoi na fir. Ach má thosaíonn Airéas nó Phoebus Apalló ag troid, nó Aichill a bhacadh ó dhul ag troid, ansin rachaimidne sa ghleo freisin ar an bpointe boise agus cuirfimid cath orthu.'

(i) Cé a chuir Aeinéas amach chun ionsaí a dhéanamh ar Aichill? (6)

(ii) Cad é a d'iarr Héire ar na déithe eile a dhéanamh? (6)

(iii) Cén chomhairle a chuir Poiséadón uirthi? (6)

(iv) Ón léamh atá déanta agat ar an sliocht **seo** cad é do thuairim faoi Héire? (6)

**(80 marc)**

**Topaic 2: An Ghréig agus An Pheirs.**

Ba chóir tabhairt faoi na páirteanna **uile** - (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cén aois RC inar scríobh Héaradatas **The Histories**?

(ii) Cén fáth a ndearna na Spartaigh moill agus iad ag cur cabhair chuig na hAithnigh i Maratón?

(iii) Tar éis an chéad sluaíocht chun na Gréige, cén fáth ar scaoil Dáirias le Mardonius mar cheannasaí ar arm na bPeirseach?

(iv) Cad é a d'áitigh Teimisticléas ar na hAithnigh a dhéanamh nuair a fuair siad suim mhór airgid as na mianaigh airgid i Laurium?

(v) Tar éis chath Thearmápalae, cén t-ábhar iontais a bhain leis an gcaoi ar chaith Xeirxéas le corp Leonadas, an rí Spartach?

(vi) Cé a bhí i gceannas ar arm na Gréige ag Cath Plataea in 479 RC? (24)

(*b*) (i) Tabhair **dhá** chúis ar shocraigh Xeirxéas ionradh a dhéanamh ar an nGréig. (8)

(ii) Cén fáth ar chuir Teimisticléas a sclábhaí amach chuig na Peirsigh roimh Chath Shalamas? (6)

(iii) Déan cur síos achomair ar an gcath a troideadh i Salamas. (12)

(iv) Cad a rinne an Bhanríon Artemisia le linn Chath Shalamas a thug ar Rí na Peirse meas níos mó a bheith aige uirthi? (6)

(*c*) Léigh an sliocht seo a leanas as **The Histories** le Héaradatas agus ansin freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Tar éis dóibh an bua a fháil ar an gcabhlach Iónach, d'ionsaigh na Peirsigh Miléatas ar muir agus ar tír. Thochail siad faoi na ballaí, thug siad aníos reithí cogaidh de gach saghas, agus scrios siad é cúig bliana tar éis éirí amach Aristagoras. Mar sin, tugadh Míléatas i mbraighdeanas agus comhlíonadh tairngreacht an oracail. Bhí muintir Argos tar éis dul i gcomhairle le hOracal Dheilfe ar cheist a bhain le sábháilteacht a gcathrach féin, agus bhí freagra faighte acu a raibh tairngreacht bhreise ann a bhain le Miléatas. Mar a leanas a bhí an tairngreacht:

*Ansin tusa,a Mhiléatas, a sheifteoir na ndrochghníomhartha,*
*Beidh tú mar fhéasta ag go leor, agus mar dhuais thaibhseach;*
*Is iomaí fear foltach a nífidh do mhná céile a chosa dó*
*Agus déanfaidh cuid eile cúram d'ár scrín in Didyma.*

(i) Ón léamh atá déanta agat ar an sliocht seo, luaigh **dhá** mhodh ar bhain na Peirsigh úsáid astu chun cathair Mhiléatas a ghabháil. (6)

(ii) Cad is oracal ann? Cén t-oracal cáiliúil a ndeachaigh muintir Argos i gcomhairle leis sa sliocht seo? (6)

(iii) Ón staidéar atá déanta agat ar Héaradatas, tabhair breac-chuntas ar ócáid **amháin** eile a ndeachthas i gcomhairle leis an oracal seo. (6)

(iv) Dar leis an oracal sa sliocht **seo** cad a tharlódh do mhná céile Mhiléatas? (6)

**(80 marc)**

**Topaic 3: Beatha agus Bás Shócraitéas.**

Ba chóir tabhairt faoi na páirteanna **uile** - (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra.
Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Tabhair cúis **amháin** nár mheas Sócraitéas go raibh sé féin ina óráidí.

(ii) Ainmnigh áit **amháin** ina ndearna Sócraitéas seirbhís mar shaighdiúir.

(iii) Cén aois a bhí ag Socraitéas ag am a thrialach?

(iv) Cad a tugadh ar stíl cheistiúcháin Shócraitéas?

(v) Cérbh é nó cérbh í Xanthippe?

(vi) Cén fáth nach raibh Platón i láthair nuair a fuair Sócraitéas bás? (24)

(*b*) Scríobh faoi na gnéithe seo a leanas de bheatha Shócraitéas:

(i) An sórt duine a bhí ann (6)

(ii) A thriail agus a chosaint (14)

(iii) A chreideamh faoin mbás (6)

(iv) Na cúiseanna ar dhiúltaigh sé éalú ón bpríosún. (6)

(*c*) Léigh an sliocht seo a leanas as an dráma **Na Scamaill** le hArastafainéas agus ansin freagair na ceisteanna ina dhiaidh. Athair agus mac atá ag caint.

**STREPSIADES:** Féach sa treo seo, mar sin! An bhfeiceann tú an doras beag seo agus an teach beag seo?
**PHEIDIPPIDES:** Feicim. Agus cad é seo, le do thoil, a athair?
**STREPSIADES:** Is Teach Smaointeoireachta sprideanna saoithiúla é seo. Tá fir ina gcónaí ann agus nuair a labhraíonn siad faoi na flaithis áitíonn siad ar dhaoine gur oigheann atá ann atá mórthimpeall orainn, agus gur muidne an gríosach. Má thugann duine airgead dóibh, múineann na fir seo conas bua a bhaint amach trí labhairt, bíodh sé ceart nó mícheart.
**PHEIDIPPIDES :** Cé hiad?
**STREPSIADES:** Níl an t-ainm ar eolas agam go cruinn. Is fealsúna uaisle agus sármhaithe iad.
**PHEIDIPPIDES:** Muise! Is rógairí iad; aithním iad. Is é atá i gceist agat na dochtúirí bréige, na hainniseoirí bánghnéitheacha, na giollaí cosnochta, Sócraitéas agus Chaerephon ainnis ina measc.
**STREPSIADES:** Stad! Stad! Bí i do thost! Ná habair rud ar bith áiféiseach.
**PHEIDIPPIDES:** Ní déarfainn, dar Bacchus!
**STREPSIADES:** Téigh ann, iarraim ort, a mhic, téigh ann agus faigh teagasc.
**PHEIDIPPIDES:** Arú, cad é a fhoghlaimeoidh mé?
**STREPSIADES:** Deirtear go bhfuil an dá chúis araon ina measc – an dea-chúis agus an droch-chúis. Deirtear go bhfuil ceann den dá chúis seo i réim, an droch-chúis, cé go labhraíonn sí ar thaobh na héagóra. Dá bhrí sin, má fhoghlaimíonn tú an chúis éagórach seo, ní íocfaidh mé oiread agus óbal amháin le duine ar bith as na fiacha seo atá orm ar do shon faoi láthair.

(i) Cad a tharlaíonn sa Teach Smaointeoireachta, dar le Strepsiades? (6)
(ii) Cén tuairim atá ag Pheidippides faoi Shócraitéas? (6)
(iii) Cén léamh atá agat ar an gcaidreamh idir an t-athair agus an mac sa sliocht seo? (6)
(iv) An bhfuil an léiriú a thugtar ar Shócraitéas sa sliocht seo difriúil óna léiriú sna téacsanna a léigh tú? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (6)

**(80 marc)**

**Topaic 4: Micéiné agus An Traí.**

Ba chóir tabhairt faoi na páirteanna **uile** - (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Déan staidéar ar Fhótagraf **2** ar Pháipéar **X**. Cá háit a bhfeicfeá an bealach isteach seo? Cén t-ainmhí a bhfuil baint aige leis?

(ii) Cad atá á léiriú i bhFótagraf **3** ar Pháipéar X? Ainmnigh áit **amháin** a mbeadh sé le fáil.

(iii) Ainmnigh an **dá** gheata mhóra i gcathair na Traí.

(iv) Cé a mharaigh an Míonótár? Ainmnigh bean **amháin** a thug cabhair don duine seo.

(v) Déan cur síos achomair ar thuama tólais. Tig leat léaráid ar a bhfuil lipéadú cruinn a úsáid i do fhreagra.

(vi) Cad a chuir Carl Blegen lenár n-eolas faoin Traí? (24)

(*b*) (i) Scríobh cur síos achomair ar **cheachtar** acu seo:

Éadaí agus seodra i saol na Micéinéach

**nó**

Cogaíocht agus airm i saol na Micéinéach. (20)

(ii) Cad is *megaron* ann? Ainmnigh **dhá** ghné de *megaron*. (8)

(iii) Cén t-ainm a thugtar de ghnáth ar an gceantar timpeall ar Mhicéiné? (4)

*(c)* (i) Cén t-údar Gréagach atá ina phríomhfhoinse eolais againn faoi Chogadh na Traí? Ainmnigh **dhá** leabhar leis an údar seo. (9)

(ii) Cén tír sa lá atá inniu ann ina bhfuil láithreán na sean-Traí suite? (3)

(iii) De na naoi gcathair a fuarthas sa Traí, cé acu ar chreid Schliemann gurbh í cathair chogadh na Traí í? Cén fáth ar chreid sé é sin? (9)

(iv) Ainmnigh an Prionsa Traíoch a d'fhuadaigh bean chéile Mheinealás. (3)

**(80 marc)**

**Topaic 5: Acrapoil na hAithne.**

Ba chóir tabhairt faoi na páirteanna **uile** - (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra.
Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Ainmnigh ord ailtireachta an teampaill a léirítear i bhFótagraf **4** ar Pháipéar **X**.

(ii) Cén státaire Gréagach ba chúis le tógáil an Phartanóin? Conas mar a fuair sé bás?

(iii) Cén pháirt a ghlac Aristeides i Léig Dheileas?

(iv) Cén dia a bhfuil baint aige leis an Amharclann atá suite faoin Acrapoil?

(v) Sa bhfríos Dórach i bhFótagraf **5** ar Pháipéar **X**, ainmnigh an dá chuid a bhfuil lipéid orthu.

(vi) Conas a bhí baint ag an Tiarna Elgin leis na foirgnimh ar an Acrapoil? (24)

(*b*) Féile thábhachtach san Aithin ab ea an Panathenia Mór. Freagair na ceisteanna a leanas faoin bhféile.

(i) Cad é a bhíodh á cheiliúradh ag an bhféile agus cé chomh minic is a bhíodh sí ar siúl? (8)

(ii) Cé na cineálacha comórtais a bhíodh ar siúl le linn na féile? (8)

(iii) Scríobh cur síos ar an mórshiúl ag an Panathenia Mór. I do fhreagra luaigh an bealach a dtéadh an mórshiúl agus luaigh na daoine a ghlacadh páirt ann. (16)

(*c*) (i) Cad a thugtar ar na limistéir thriantánacha sa dealbhóireacht ón bPartanón a thaispeántar i bhFótagraf **6** ar Pháipéar **X**? (6)

(ii) Cá háit ar theampall a mbeadh na limistéir thriantánacha seo le fáil?
Tig leat léaráid ar a bhfuil lipéadú a úsáid mar chuid de do fhreagra. (6)

(iii) Mínigh an scéal a bhaineann le **ceachtar** de na pictiúir i bhFótagraf **6**. (6)

(iv) Ainmnigh an dealbhóir a raibh ceannas iomlán aige ar an obair ar an bPartanón? (6)

**(80 marc)**

## ROINN B

## An Saol Rómhánach

**Topaic 6: Aeinéas ar a Shiúlta.**

Ba chóir tabhairt faoi na páirteanna **uile** - (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cén t-oileán a raibh Aeinéas ag seoladh amach uaidh nuair a séideadh é dá chúrsa go dtí an Chartaig?

(ii) I Leabhar 2 den **Aeinéid** cad a chuir bac ar Aeinéas Héilin a mharú?

(iii) Cén laoch Traíoch a dúirt le hAeinéas i mbrionglóid imeacht ón Traí? Cén chuma a bhí air nuair a thaispeáin sé é féin d'Aeinéas?

(iv) Cérbh í Anna?

(v) Cé hé a léirítear i bhFótagraf **7** ar Pháipéar **X**? Cén post a bhí aige?

(vi) Cén geata ónar fhág Aeinéas an Domhan Thíos?

(24)

(*b*) (i) Déan plé ar ról na ndéithe i Leabhar 1 den **Aeinéid.** (12)

(ii) Cad a bhí bainte amach ag Díodó sular casadh Aeinéas uirthi? (8)

(iii) Bunaithe ar an staidéar atá déanta agat ar an topaic seo, cé na cáilíochtaí a bhí ag Aeinéas mar cheannaire, dar leat? Tabhair cúiseanna le do fhreagra (12)

(*c*) Léigh an sliocht seo a leanas as Leabhar 2 den **Aeinéid** agus ansin freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Ansin tháinig slua ollmhór ag rith síos ón dúnfort le Laocoon chun tosaigh orthu go léir, agus é as a chranna cumhachta le fearg. Agus é i bhfad uathu gháir sé amach: "A shaoránaigh, a amadáin bhochta, an bhfuil sibh ar mire? An gcreideann sibh go bhfuil an namhaid imithe? An dóigh libh go bhfuil bronntanas ar bith ó na Gréagaigh saor ón gcalaois? An mar sin is dual agus is dúchas d'Uiliséas?"

(i) Cén post a bhí ag Laocoon sa Traí? (4)

(ii) Cad é an bronntanas ó na Gréagaigh do na Traígh a ndéantar tagairt dó i líne 4? (4)

(iii) Cad a rinne Laocoon leis an mbronntanas tar éis na hóráide seo? Cén fáth a ndearna sé é seo? (8)

(iv) Mínigh cad a tharla do Laocoon agus dá bheirt mhac. (8)

**(80 marc)**

**Topaic 7: Téatar na Rómhánach – Coiméide: An Saighdiúir Maíteach.**

Ba chóir tabhairt faoi na páirteanna **uile** - (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cén fáth a bhfuil gníomhaíocht an dráma seo ar siúl i mbaile Gréagach seachas i mbaile Rómhánach?

(ii) Cén fáth a dtéann Pleusicles go Naupactus?

(iii) Tabhair sampla **amháin** ina n-úsáidtear seachfhocal in **An Saighdiúir Maíteach.**

(iv) "Dia dár réiteach, níor ól mé é. Bhí sé chomh te sin, gur dhóigh sé mo phíobán. Bhí orm é a chaitheamh siar in aon slog amháin." Cé a dúirt na focail seo?

(v) Déan staidéar ar Fhótagraf **8** ar Pháipéar **X.** Ainmnigh an chuid ina bhfuil lipéad **A**.

(vi) Tabhair buntáiste **amháin** nó míbhuntáiste **amháin** a bhain le masc a chaitheamh i ndráma Rómhánach. (24)

(*b*) (i) Cé hé Artotrogus? Mínigh conas mar a mheallann sé Pyrgopolynices agus cén fáth a ndéanann sé é seo. (10)

(ii) Mínigh conas a tharla go raibh cónaí ar Palaestrio i dteach Pyrgopolynices. (8)

(iii) An dóigh leat go mbeadh an dráma, **An Saighdiúir Maítheach**, tarraingteach do lucht féachana an lae inniu? Tabhair cúis le do fhreagra. (6)

(iv) An dóigh leat go bhfoghlaimíonn Pyrgopolynices rud ar bith ag deireadh an dráma? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (8)

(*c*) Léigh an sliocht seo as **An Saighdiúir Maíteach,** agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

'Ní mór di dul i bhfeidhm ar an sclábhaí a chonaic í – a áitiú air a chreidiúint nach bhfaca sé í. D'fhéadfadh go bhfacthas í céad uair ach caithfidh sí é a shéanadh ina dhiaidh sin féin. Tá teanga aici, nach bhfuil, agus súile, agus sotal, is dánacht is cur i gcéill is plámás is bladar is cluain? Tig léi cúiseoir ar bith a mhionnú ina bhalbhán. Tig léi bréaga a insint, bréaga a chur i dtuiscint, bréaga a mhionnú, amhail is gur rugadh chuige í; tá lúb is gliceas is cealg go smior inti. Nach ndeirtear nach gá don bhean chleasach dul chuig an margadh – saothraíonn sí a spíosraí agus a búiste féin le haon mhias mhioscaise a dhéanamh?'

(i) Cén carachtar as **An Saighdiúir Maíteach** a deir na focail seo? (6)

(ii) Ón léamh atá déanta agat ar an sliocht **seo,** cén tuairim atá ag an óráidí faoi mhná? (6)

(iii) Cé hí an bhean **agus** cé hé an sclábhaí a ndéantar tagairt dóibh i Líne 1? (6)

(iv) An bhfuil an sliocht seo greannmhar, dar leat? Tabhair cúis le do fhreagra. (6)

**(80 marc)**

**Topaic 8: Beatha agus Comhaimsir Iúil Caesar.**

Ba chóir tabhairt faoi na páirteanna **uile** - (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra.
Is fiú ocht mar*c* gach ceist.

(i) Cérbh í máthair Chaesair?

(ii) Cén freagra a thug Caesar nuair a d'éiligh na píoráidí a ghabh é fiche tallann mar airgead fuascailte?

(iii) Conas a rinne Catulus iarracht a áitiú ar Chaesar gan seasamh do phost an *Pontifex Maximus* (Príomhshagart)?

(iv) Cén fáth ar dhún Bibulus é féin suas ina theach le linn Chonsalacht Chaesair?

(v) Cá háit ar troideadh cogadh deireanach Chaesair?

(vi) Conas a d'fhreagair na seanadóirí do bhás Chaesair díreach ina dhiaidh? (24)

(*b*) (i) Cérbh iad an triúr ball den chomhaontas ar a dtugtaí an Chéad Triúracht? (8)

(ii) Mínigh conas mar a bhain gach duine de na fir seo tairbhe as an gcomhaontas seo.
Cé acu a bhain an tairbhe ba mhó as, dar leat? Tabhair cúis le do fhreagra. (16)

(iii) Conas agus cén fáth ar tháinig deireadh leis an gcomhaontas? (8)

(*c*) Léigh an sliocht seo a leanas as litir a scríobh Cicearó tar éis bhás Chaesair agus ansin freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Ón gcuma atá ar chúrsaí go dtí seo, dealraíonn sé gur sábháladh muid ó thíoránach ach ní ón tíorántacht. Cé gur mharaigh muid an tíoránach, táimid fós ag faire ar gach sméideadh ón tíoránach sin. Ní hea, ní hamháin sin, ach aontaímid le bearta nach gcuirfeadh sé féin i gcrích dá mbeadh sé beo, de bhrí go samhlaímid go raibh siad á mbeartú aige. Agus go deimhin, ní fheicim deireadh ag teacht leis an sórt sin ruda. Crochtar forógraí, tugtar díolúintí, spealtar suimeanna móra airgid, déantar deoraithe a athghairm, cláraítear forógraí bréige an tSeanaid; ionas nach bhfuilimid ach tar éis fáil réidh leis an bhfuath sin do phearsa ghráiniúil agus leis an olc a bhí orainn as bheith mar sclábhaithe, fad atá an bunreacht ina luí cloíte i lár an tranglaim seo ar fad inar theilg sé é.

(i) Ón staidéar atá déanta agat ar an topaic seo, cad atá i gceist ag Cicearó nuair a thugann sé 'tíoránach' ar Chaesar, dar leat? Tabhair cúis le do fhreagra. (8)

(ii) Conas mar a fuair Caesar bás? (8)

(iii) Luaigh **dhá** phíosa fianaise as an sliocht seo, a thug Cicearó, a chuireann i gcéill go bhfuil cúrsaí sa Róimh níos measa ó fuair Caesar bás. (8)

**(80 marc)**

**Topaic 9: Cathair Rómhánach - An Phoimpé.**

Ba chóir tabhairt faoi na páirteanna **uile** - (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cad ba Campania ann?

(ii) Cérbh iad na chéad daoine a raibh cónaí orthu sa Phoimpé?

(iii) Cad ba *triclinium* ann?

(iv) Cén sórt léiriúchán a bhíodh ar siúl san Odeon sa Phoimpé?

(v) Cad ba *Lararium* ann?

(vi) Déan staidéar ar Fhótagraf **9** ar Pháipéar **X** ina dtaispeántar eachtra cháiliúil i stair na Poimpé. Cén eachtra cháiliúil atá i gceist? Ainmnigh an tImpire a bhí i réim ag an am. (24)

(*b*) (i) Ainmnigh **dhá** cheann de na folcadáin phoiblí sa Phoimpé. (8)

(ii) Mínigh cén fáth ar bhain tábhacht le húsáid na bhfolcadán poiblí sa tsochaí Rómhánach. (8)

(iii) Tabhair breac-chuntas ar a dtarlaíodh ar ghnáthchuairt chuig na folcadáin phoiblí. (16)

(*c*) Léiríonn Fótagraf **10** ar Pháipéar **X** dealbh de bhuachaill Rómhánach.

(i) Ainmnigh an rud atá á chaitheamh aige thart ar a mhuineál, a bhfuil ciorcal dearg mórthimpeall air. Mínigh cén fáth a bhfuil sé seo á chaitheamh aige. (6)

(ii) Cé na hábhair a úsáideadh le scríbheoireacht sna seanscoileanna Rómhánacha? (6)

(iii) Cad a dhéanadh an *Rhetor*? (6)

(iv) Cad é an foirgneamh in aice leis an bhFóram ina bhféachadh na Rómhánaigh ar thrialacha cúirte? (6)

**(80 marc)**

**Topaic 10: An tArm Rómhánach.**

Ba chóir tabhairt faoi na páirteanna **uile** - (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Tabhair cur síos achomair ar eagar 'Toirtís' (*Testudo*).

(ii) Cén uirlis a léirítear i bhFótagraf **11** ar Pháipéar **X**? Cé a d'úsáidfeadh é?

(iii) Cad is *corona civica* ann?

(iv) Cén fáth ar cuireadh saighdiúirí cúnta ar stáisiún i bhfad óna dtír féin de ghnáth?

(v) Cad ab ea príomhobair na gceoltóirí san arm Rómhánach?

(vi) Sa Bhreatain Rómhánach, cad faoi is mó a bhfuil cuimhne ar Haidrian? (24)

(*b*) Scríobh faoi shaighdiúir léigiúnach a bhfuil cónaí air i ndúnfort Rómhánach agus bíodh na cinnteidil seo a leanas in úsáid agat: (Tig leat léaráidí lipéadaithe a úsáid mar chuid de do fhreagra.)

(i) A éide agus a airm (10)

(ii) Traenáil agus modhanna troda (10)

(iii) Leagan amach agus coinníollacha maireachtála sa dúnfort. (12)

*(c)* Féach ar Fhótagraf **12** ar Pháipéar **X** ina dtaispeántar radharc as Colún Thráian agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

(i) Cérbh é Tráian? (6)

(ii) Cé na rudaí atá ar iompar ag na saighdiúirí ar an taobh deas den phictiúr? (6)

(iii) Cad atá neamhghnách faoin droichead atá á thrasnú acu? (6)

(iv) Cad ba mháirseáil éigeantach ann? (6)

**(80 marc)**

# Leathanach Bán